Maireachtáil – Ray Heffernan

Scamaill thapaidh ísle
ag teacht ó thine gréine
na radhairc is gránna
tarlaíonn siad anseo

Dreapann sé an t-ardán
Le bolgshúile is a chroí ina bhéal aige
le háillleacht ama eile
de dhíomas is cneastacht

Woahh
Ag maireachtáil le chéile
Ach bás inár n-aonar

Ar uairibh seoltar smaointe
Go dearthóireacha daortha
Margaí feola is cluainte na gcogaí
chuile lá againn

Dála David is Goliath
I gcónaí réidh chun cath a throid
Don lucht féachana is luachmhaire
Le díomas 's fimíneacht

Woahh
Ag maireachtáil le chéile
Ach bás inár n-aonar

Is lasmuigh sa mhargadh
Íoladhradh an aosa óig
Ag díol beagán dóchais
Ar bheagán fírinne

Cloisim glaoch an tslua
Cloisim na mílte guth
De chaillfinn gach rud don tsíocháin
Is gach áthas don fhírinne

Woahh
Ag maireachtáil le chéile
Ach bás inár n-aonar

Scríofa ag Ray Heffernan
Aistriúchán - Fiach Ó Muircheartaigh
Glór agus Giotár - Ray Heffernan
Glór - Fiach

Bodhrán - Tristan Rosenstock
Taifead - Stiúideo Dearg
Innealtóireacht - Marc Aubelle